Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10688/25**

**MOG 59**
**SY 6**
**CFSP/PESC 952**
**COPS 315**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria |

Gheobhaidh na toscaireachtaí na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria i gceangal leis seo, arb iad na conclúidí iad a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici an 23 Meitheamh 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria**

1. Is stairiúil an ócáid é turnamh réimeas coiriúil Assad do mhuintir na Siria, dream a d'fhulaing go mór agus a thaispeáin go raibh an-teacht aniar iontu agus iad ag iarraidh an dínit, an tsaoirse agus an ceartas a shaothrú le 14 bliain anuas. Ba cheart deis a bheith ag muintir uile na Siria a dtír a athaontú, a chobhsú agus a atógáil ar deireadh, an ceartas a athbhunú agus cuntasacht a áirithiú, agus tús a chur le ré nua i stair na Siria. Sa tréimhse chinniúnach seo, seasann an tAontas Eorpach i gcónaí le muintir na Siria agus tá sé tiomanta tacú le haistriú síochánta cuimsitheach faoi stiúir na Siria agus faoi úinéireacht na Siria chun cabhrú le todhchaí níos fearr a thógáil do mhuintir uile na Siria.

2. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach an gealltanas atá tugtha ag an Uachtarán Eatramhach Ahmed Al-Sharaa agus an rialtas idirthréimhseach maidir le Siria nua a thógáil, a bheidh bunaithe ar athmhuintearas náisiúnta, ar an smacht reachta, ar scaradh na gcumhachtaí, agus ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha do gach Siriach gan idirdhealú, agus éagsúlacht na tíre á cosaint go hiomlán. Tugaimid dár n-aire go dearfach freisin na céimeanna tosaigh a glacadh le roinnt míonna anuas chun an bealach a réiteach d'aistriú síochánta cuimsitheach, lena n-áirítear an chéad Chomhdháil Idirphlé Náisiúnta a thionól, Dearbhú Bunreachtúil a ghlacadh, agus rialtas idirthréimhseach a cheapadh. Iarrann an tAontas go ndéanfaí na chéad chéimeanna agus na gealltanais sin, chomh maith leis na príomhphrionsabail a chumhdaítear sa Dearbhú Bunreachtúil, a chur chun feidhme go hiomlán agus a fheidhmiú, go leanfaí den Idirphlé Náisiúnta, go mbunófar Tionól an Phobail go pras agus go ndréachtófaí Bunreacht bhuan lena bhfreagrófar d'ardmhianta gach Siriach, agus go dtionólfar fíorthoghcháin laistigh de 3 bliana go 5 bliana mar a bheartaítear i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, inar féidir le gach Siriach a bheith rannpháirteach go hiomlán ó thaobh na polaitíochta de. Iarrann an tAontas freisin ar an rialtas idirthréimhseach oibriú chun institiúidí láidre neamhspleácha breithiúnacha a bhunú. Tá an tAontas faoi réir chun tacú leis an rialtas idirthréimhseach sna hiarrachtaí sin.

3. Ní mór cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh do gach duine sa tSiria, gan aon idirdhealú. Tá ról ríthábhachtach ag mná sa tSiria nua, agus leanann an tAontas de bheith ag iarraidh ar na húdaráis a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach ar bhealach iomlán cothrom fónta i ngach réimse den saol polaitiúil agus den tsochaí.

4. Iarrann an tAontas i gcónaí go gcuirfí deireadh láithreach leis an bhforéigean ar fud na Siria. Ba chúis mhór imní don Aontas an foréigean forleathan i réigiún cósta na Siria agus i limistéir eile timpeall na Damaisce in earrach 2025. Cáineann an tAontas go láidir na hionsaithe a rinne gach taobh chomh maith leis na coireanna uafásacha a rinneadh i gcoinne sibhialtach. Iarrann an tAontas ar údaráis an aistrithe ord a choinneáil, smacht a áirithiú ar ghrúpaí armtha, gach Siriach a chosaint, gan beann ar a gcúlra eitneach nó reiligiúnach, agus déantóirí uile na coire a thabhairt chun cuntais, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, noirm idirnáisiúnta agus caighdeáin idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Aontas an fhreagairt ó údaráis an aistrithe, agus go háirithe gur bunaíodh coiste imscrúdaitheach, agus iarrann sé go ndéanfaí imscrúdú tapa trédhearcach inchreidte agus neamhchlaonta, agus go mbeadh próiseas leantach trédhearcach ann a bheidh dírithe ar íospartaigh. Ba cheart ligean do shásraí ábhartha na Náisiún Aontaithe na coireanna sin a imscrúdú freisin. Cáineann an tAontas cur isteach eachtrach díobhálach de chineál ar bith atá dírithe ar athmhuintearas náisiúnta a mhilleadh.

5. Tá ról ríthábhachtach ag sochaí shibhialta na Siria, ag na meáin shaora neamhspleácha, agus ag pobal diaspóra na Siria chun a áirithiú go n-éireoidh leis an tSiria agus í ag aistriú go sochaí shíochánta, chóir, chuimsitheach agus iolraíoch. Iarrann an tAontas ar an rialtas idirthréimhseach an spás sibhialta a chosaint trí thimpeallacht shábháilte chumasúcháin a áirithiú don tsochaí shibhialta áitiúil agus idirnáisiúnta agus do na meáin neamhspleácha, saor ó bhagairtí, ó imeaglú agus ó bhacainní riaracháin. Coimeádfaidh an tAontas agus na Ballstáit an caidreamh seanbhunaithe atá acu le sochaí shibhialta na Siria agus leanfaidh siad de thacaíocht a thabhairt di. 6. Ní mór iarrachtaí marthanacha fadtéarmacha a dhéanamh chun aistriú agus atógáil na Siria a bhaint amach. Tá an tAontas i dteagmháil leis an rialtas idirthréimhseach agus oibríonn sé go dlúth le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chuige sin, agus iarrann sé ar an gcomhphobal idirnáisiúnta a thacaíocht pholaitiúil agus airgeadais araon a threisiú, ag tógáil ar na prionsabail a leagadh amach in Aqaba (an 14 Nollaig 2024), Riyadh (an 12 Eanáir 2025), Páras (an 13 Feabhra 2025), agus an Bhruiséil (an 17 Márta 2025) chomh maith leis na gealltanais a fógraíodh ag naoú eagrán de Chomhdháil na Bruiséile. Is féidir leis an gcomhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear córas na Náisiún Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí éagsúla chomh maith le tionscnaimh an Aontais maidir le comhordú deontóirí, cur go mór leis an tacaíocht a thugtar d’aistriú polaitiúil na Siria, don cheartas idirthréimhseach, don athmhuintearas, don téarnamh socheacnamaíoch agus don atógáil, bunaithe ar mheon phríomhphrionsabail Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt don obair a dhéanann Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe don tSiria agus foireann na Náisiún Aontaithe sa tSiria i ndáil leis sin. Is réamhchoinníoll iad seirbhísí bunúsacha a sholáthar chomh maith le deiseanna slí beatha do mhuintir na Siria chun go mbeidh an tSiria cobhsaí agus síochánta. Iarrann an tAontas ar an gcomhphobal idirnáisiúnta téarnamh eacnamaíoch na Siria a éascú agus díriú ar a athimeascadh sa chóras idirnáisiúnta airgeadais.

7. Iarrann an tAontas ar na gníomhaithe uile sa tSiria seasamh leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine. Tá an tAontas fós ag tacú go láidir leis na hiarrachtaí atá ar bun ag an tSiria agus leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun cuntasacht a bhaint amach i ndáil na hainghníomhartha uile, ainghníomhartha a rinne réimeas Assad agus páirtithe eile den chuid is mó, cuir i gcás Daesh agus grúpaí sceimhlitheoireachta nó armtha eile, le linn réimeas Assad nó ó shin i leith. Ní mór próiseas uileghabhálach cuimsitheach ceartais idirthréimhsigh, faoi stiúir na Siria agus faoi úinéireacht na Siria, chun go mbeidh athmhuintearas agus síocháin mharthanach ann. Ní mór iad siúd go léir atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, ar an dlí coiriúil idirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a thabhairt chun cuntais agus os comhair na cúirte, lena n-áirítear, nuair is gá, le tacaíocht ó thríú stáit agus ó eagraíochtaí idir-rialtasacha. Tá sé ríthábhachtach freisin go n-oibreodh an rialtas idirthréimhseach i gcomhar le páirtithe leasmhara Siriacha agus idirnáisiúnta eile chun teacht ar an bhfírinne maidir lenar tharla don 150,000 duine a mheastar atá ar iarraidh, gan idirdhealú. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas gur bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta um Cheartas Idirthréimhseach agus an tÚdarás Náisiúnta um Dhaoine atá ar Iarraidh mar chéim thábhachtach i dtreo an cheartais chuimsithigh agus na fírinne, rud atá tuillte ag muintir na Siria. Tá an tAontas réidh chun tacú leo. Aithníonn an tAontas rannchuidiú bunriachtanach ghníomhaithe na sochaí sibhialta, lena n-áirítear comhlachais na n-íospartach agus na mball teaghlaigh. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú go daingean leis an Sásra Idirnáisiúnta, Neamhchlaonta agus Neamhspleách, leis an gCoimisiún Fiosrúcháin agus leis an Institiúid Neamhspleách um Dhaoine atá ar Iarraidh i bPoblacht Arabach na Siria. Is díol sásaimh don Aontas comhar tosaigh an rialtais idirthréimhsigh leis na gníomhaithe sin, agus le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (OHCHR) agus le heagraíochtaí ábhartha eile ar nós Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, agus iarrann sé go dtabharfaí rochtain iomlán dóibh ar fud na Siria chun a sainorduithe a chomhlíonadh. Tá an tAontas réidh chun tacú le hiarrachtaí idirghabhála agus athmhuintearais ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta. Molann an tAontas aontachas uilíoch le Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus iarrann sé ar Phoblacht Arabach na Siria machnamh a dhéanamh ar ghlacadh lena dlínse.

8. Tá dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh (DDR) na ngrúpaí armtha uile i bhfórsaí slándála náisiúnta aontaithe ina réamhriachtanas don tslándáil inmheánach agus don chobhsaíocht pholaitiúil faoin smacht reachta. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na hiarrachtaí sin go n-eisiafar gach gné sceimhlitheoireachta agus gach gné antoisceach fhoréigneach. Ba cheart an próiseas DDR sin a bheith mar chuid de thréaniarracht níos leithne maidir le hathchóiriú na hearnála slándála (AES), lena n-áiritheofar earnáil slándála atá cuntasach, trédhearcach, gairmiúil agus a fheidhmíonn i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, aithníonn an tAontas na hiarrachtaí tosaigh a rinne na húdaráis idirthréimhseacha agus is díol sásaimh dó an comhaontú ar thángthas air an 10 Márta 2025 idir iad féin agus Fórsaí Daonlathacha na Siria (FDS), chomh maith leis na hiarrachtaí comhchosúla ar fud na tíre. Iarrann an tAontas anois ar na páirtithe obair a dhéanamh chun an comhaontú a chur chun feidhme go pras, go cuimsitheach agus go síochánta. Tá an tAontas réidh chun tacú, in éineacht le comhpháirtithe eile, le próiseas athchóirithe na hearnála slándála.

9. Molann an tAontas na ráitis ón rialtas idirthréimhseach lena ngealltar caidreamh síochánta a fhorbairt leis na tíortha uile agus an dlí idirnáisiúnta a urramú go hiomlán, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Tá an tAontas réidh chun dul i dteagmháil leis an rialtas idirthréimhseach i bhfóraim réigiúnacha agus iltaobhacha, lena n-áirítear chun iltaobhachas éifeachtach agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Iarrann an tAontas ar an tSiria, cosúil le gach stát, a seasamh i gcoinne an fhogha mhíleata agus na hionghabhála críochaí a chur in iúl i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. Meabhraítear don Aontas a thábhachtaí atá vótaí dearfacha i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe lena gcáintear fogha na Rúise faoin Úcráin agus maidir le féachaint le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach a bhaint amach san Úcráin. Thairis sin, cáineann an tAontas cinntí réimeas Assad lenar tugadh aitheantas do shárú cheannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine agus na Seoirsia agus iarrann sé ar na húdaráis idirthréimhseacha na cinntí sin a chúlghairm bunaithe ar urraim do cheannasacht agus d’iomláine chríochach na stát uile. Athdhearbhaíonn an tAontas, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le rúin 242 agus 497 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, nach n-aithníonn an tAontas ceannasacht Iosrael ar Arda Golan atá faoi fhorghabháil.

10. Tathantaíonn an tAontas ar na gníomhaithe seachtracha uile, gan eisceacht, urraim iomlán a thabhairt d'aontacht, neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na Siria. Cáineann an tAontas aon ghníomhaíochtaí míleata aontaobhacha eachtracha agus aon láithreacht mhíleata aontaobhach eachtrach chomh maith le hiarrachtaí chun an bonn a bhaint de chobhsaíocht agus d'ionchais na Siria maidir le haistriú síochánta, lena n-áirítear trí ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis. I ndáil leis an méid sin, is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí gníomhaíochtaí na Rúise agus na hIaráine, príomhchomhpháirtithe an chos ar bolg bhrúidiúil a rinne réimeas Assad ar mhuintir na Siria, arb é is aidhm dóibh an foréigean a spreagadh arís agus an tSiria a dhíchobhsú. Cé gur cheart aghaidh a thabhairt ar ábhair imní slándála Iosrael, is cúis mhór imní don Aontas na hionsaithe atá á ndéanamh ag Fórsaí Cosanta Iosrael i roinnt réigiún, agus a láithreacht leanúnach agus a n-oibríochtaí míleata, go háirithe i nDeisceart na Siria. Iarrann an tAontas ar Iosrael an crios maolánach dímhíleataithe a urramú agus seasamh le téarmaí Chomhaontú 1974 maidir le Díscoir na bhFórsaí. Tá imní ar an Aontas i gcónaí faoi rannpháirtíocht grúpaí armtha a fhaigheann tacaíocht ón Tuirc i dtuaisceart na tíre. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar ábhair imní slándála na Tuirce agus a áirithiú ag an am céanna gur féidir le muintir uile na Siria – lena n-áirítear Coirdínigh – leas a bhaint as slándáil agus cearta bunúsacha.

11. Is tosaíocht i gcónaí é Daesh agus grúpaí sceimhlitheoireachta eile a chomhrac, atá fós ina mbagairt ar an tSiria, an réigiún, an Eoraip agus ar an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta, i gcomhthéacs polaitiúil agus slándála atá ag athrú go tapa. Iarrann an tAontas ar an rialtas idirthréimhseach leanúint den sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta a chomhrac, go háirithe cleamhnaithe Daesh agus Al-Qaeda, lena n-áirítear trí dhul i dteagmháil leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda i gcoinne Daesh. Leagann an tAontas béim freisin ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt go cinntitheach ar bhagairt na dtrodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta uile sa tSiria. Tá an tAontas ina chomhpháirtí tiomanta don Chomhghuaillíocht Dhomhanda i gcoinne Daesh agus, mar chomhcheannaire ar a chroíghrúpa fócais, beidh ról níos gníomhaí aige chun a áirithiú go ndéanfar an sceimhlitheoireacht a threascairt ar bhonn marthanach agus chun cosc a chur ar athbhorradh grúpaí sceimhlitheoireachta. Is saincheist slándála réigiúnach agus dhomhanda é an gá atá le hoibriú slán na saoráidí ina bhfuil cleamhnaithe Daesh agus a dteaghlaigh in Oirthuaisceart na Siria a choinneáil ar bun, ar saincheist í a bhfuil iarrachtaí comhchoiteanna ag teastáil ina leith. Tá an tAontas Eorpach, i gcomhar lena Bhallstáit, tiomanta cur lena thacaíocht d'oibríochtaí slána campaí agus saoráidí coinneála in oirthuaisceart na Siria agus iarrann sé ar chomhpháirtithe idirnáisiúnta leanúint de bheith rannpháirteach, a maoiniú a mhéadú agus oibriú i dtreo réitigh inbhuanaithe. Molann an tAontas don Chomhghuaillíocht Dhomhanda i gcoinne Daesh, do chomhpháirtithe idirnáisiúnta agus don rialtas idirthréimhseach oibriú chun saoránaigh na Siria atá i gcampaí al-Hol agus al-Roj faoi láthair a dhíradacú, a athshlánú agus a athimeascadh, agus tacú le hionchúiseamh na ndaoine sin a bhfuil amhras ann fúthu go ndearna nó gur éascaigh siad gníomhartha sceimhlitheoireachta.

12. Is díol sásaimh don Aontas comhar an rialtais idirthréimhsigh leis an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) agus iarrann sé ar an rialtas idirthréimhseach a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go pras na chéad chéimeanna eile chun deireadh go deo a chur le clár arm ceimiceach na Siria agus chun na rioscaí maidir le leathadh a chomhrac. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais a thabhairt, d'fhonn na hairm cheimiceacha uile sa tSiria a imscrúdú, a dhaingniú agus a scriosadh go hiomlán, lena n-áirítear saoráidí táirgthe, agus tathantaíonn sé ar dhaoine eile déanamh amhlaidh. Is díol sásaimh don Aontas comhar an rialtais idirthréimhsigh leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA) agus iarrann sé ar an rialtas idirthréimhseach dul i dteagmháil leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, lena n-áiritheofar cur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe maidir le Coimircí i ndáil leis an gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach sa tSiria a áirithiú agus chun saincheisteanna atá fós gan réiteach a bhaineann le gníomhaíochtaí roimhe seo a shoiléiriú. Molann an tAontas don tSiria prótacal breise a thabhairt i gcrích agus a thabhairt i bhfeidhm gan a thuilleadh moille. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht ghníomhach a thabhairt do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, agus dá neamhchlaontacht agus dá neamhspleáchas.

13. Tá sé bunriachtanach táirgeadh támhshuanach agus an gháinneáil ar thámhshuanaigh a chomhrac, mar shampla Captagon, agus na líonraí coireachta eagraithe gaolmhara. Is díol sásaimh dúinn gníomhaíochtaí an rialtais idirthréimhsigh, go háirithe scriosadh roinnt saoráidí táirgthe drugaí, agus molaimid dó siúd straitéis inbhuanaithe a fhorbairt chun nach gcuirfear tús athuair le táirgeadh Captagon, i gcomhar le hOifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC) agus le comhpháirtithe Eorpacha agus réigiúnacha.

14. Is cúis mhór imní don Aontas an staid dhaonnúil thubaisteach leanúnach sa tSiria, ina bhfuil 90 % de mhuintir na Siria ag maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta, 16.5 milliún Siriach ag brath ar chabhair dhaonnúil, os cionn 7.2 milliún duine easáitithe ina dtír féin, lena n-áirítear os cionn 2 mhilliún duine i gcampaí a bhfuil rochtain ghann acu ar sheirbhísí bunúsacha mar shampla bia agus uisce, agus os cionn 5 mhilliún dídeanaí a óstáiltear go príomha i dtíortha comharsanachta agus san Aontas. Tá staid na slándála bia ag dul in olcas i gcónaí, tá an córas cúraim sláinte ina phraiseach, tá rochtain ar sheirbhísí bunúsacha fós thar a bheith teoranta, lena n-áirítear i ngeall ar an gcogaíocht leanúnach ina ndéantar ionsaithe ar bhonneagar criticiúil. Tá ordanás agus mianaigh talún neamhphléasctha ar fud na tíre, rud a chuireann bac ar fhilleadh agus atógáil shábháilte agus a chuireann beatha sibhialtach, grúpaí leochaileacha, mná agus leanaí san áireamh, i mbaol. Meabhraítear don Aontas gur gá an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a urramú, rochtain dhaonnúil leanúnach gan bhac a ráthú, agus a áirithiú go gcosnófar sibhialtaigh, oibrithe daonnúla agus bonneagar sibhialtach i gcónaí. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta sa chistiú daonnúil, agus cur chuige bunaithe ar riachtanais á leanúint aige i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla, ar fud na Siria, agus an fhreagairt éigeandála, lena ngabhann cúnamh luaththéarnaimh, á comhlánú ag an am céanna. Ba cheart an chabhair dhaonnúil a chomhlánú le hinfheistíochtaí fadtéarmacha agus le hinfheistíochtaí forbraíochta chomh maith le hatógáil, lena ndéanfaí foráil maidir le téarnamh agus cobhsú níos inbhuanaithe na tíre, chomh maith le teacht aniar níos láidre mhuintir na Siria tríd an gcomhar idir na pobail agus na húdaráis áitiúla a neartú. Is cúis mhór imní don Aontas stádas an bhonneagair chriticiúil sa tSiria, go háirithe maidir le hearnálacha na sláinte, an uisce agus an leictreachais. Ó thús na géarchéime in 2011, tá freagairt tugtha ag an Aontas ar na riachtanais tarrthála is práinní agus ar na hábhair imní is práinní atá ag na daoine is leochailí maidir leis an gcosaint. Nuair a bhuail an crith talún an tSiria in 2023, chuir an tAontas an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS) agus an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil (EHRC) i ngníomh, chomh maith leis an gcabhair dhaonnúil.

15. Tá ceannaireacht leanúnach á tabhairt ag an Aontas, in éineacht lena Bhallstáit, chun cúnamh a thabhairt do mhuintir na Siria agus tá sé diongbháilte i gcónaí maidir lena thiomantas tacú le muintir na Siria. Le 14 bliana anuas, tá beagnach EUR 37 mbilliún tugtha ag an Aontas agus a Bhallstáit i gcúnamh daonnúil, forbraíochta, eacnamaíoch agus cobhsaíochta chun tacú le muintir na Siria sa tír sin agus sa réigiúin araon. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí tacú leis an tSiria agus í ar a conair i dtreo na cobhsaíochta agus na hatógála, i ngach tosaíocht éagsúil, mar shampla tógáil institiúidí agus athchóiriú poiblí, téarnamh socheacnamaíoch (slite beatha agus poist, tacaíocht do phríomhearnálacha, cuir i gcás an talmhaíocht, soláthar seirbhísí bunúsacha, mar shampla uisce, fuíolluisce, an tsláinte agus leictreachas), an comhtháthú sóisialta, cearta an duine, an ceartas idirthréimhseach agus cosaint oidhreacht shaibhir chultúrtha na tíre. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé daoine óga, go háirithe mná agus cailíní, a chumhachtú trí dheiseanna oideachais, forbraíochta scileanna, agus rannpháirtíocht ghníomhach sa saol poiblí agus in iarrachtaí téarnaimh socheacnamaíocha a chur ar fáil dóibh. Beidh tacaíocht an Aontais don téarnamh socheacnamaíoch agus don atógáil shocheacnamaíoch i gcomhréir le forbairtí sa tír agus le gníomhaíochtaí an rialtais idirthréimhsigh. Tathantaíonn an tAontas ar an gcomhphobal idirnáisiúnta dlús a chur lena chúnamh. Agus é ag tógáil ar Chomhdháil na Bruiséile IX an 17 Márta 2025, inar bhailigh an tAontas agus an comhphobal idirnáisiúnta méid iomlán EUR 5.8 billiún i ngealltanais don 2 bhliain atá le teacht, lena n-áirítear EUR 3.37 billiún ón Aontas agus óna Bhallstáit, tá sé beartaithe ag an Aontas comhordú breise a dhéanamh le príomh-ranníocóirí maidir le hatógáil na Siria, lena n-áirítear institiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus comhpháirtithe réigiúnacha, chun comhlántacht na n-iarrachtaí idirnáisiúnta a áirithiú. Tacaíonn an tAontas leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais na Siria agus ar an gcomhar athnuaite leis an rialtas idirthréimhseach. Iarrann an Chomhairle ar an mBanc Eorpach Infheistíochta a chuid gníomhaíochta sa tSiria a atosú d'fhonn tacú leis na hiarrachtaí sin.

16. I mí na Bealtaine, chuir an tAontas deireadh leis na smachtbhannaí eacnamaíocha uile atá fós ar an tSiria agus é mar aidhm aige tacú le haistriú polaitiúil cuimsitheach na Siria, chomh maith lena téarnamh eacnamaíoch, lena hatógáil agus lena cobhsú go pras, i gcomhréir le cur chuige céimnitheach inchúlaithe. Coinníonn an tAontas na smachtbhannaí a bhaineann le réimeas Assad i gcomhréir lena iarraidh ar chuntasacht chomh maith leis na smachtbhannaí atá bunaithe ar fhorais slándála. Tá sé réidh chun smachtbhannaí breise a thabhairt isteach i gcoinne sáraitheoirí chearta an duine agus ina gcoinne siúd a chuireann leis an éagobhsaíocht sa tSiria. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Aontas an ráiteas ón gComhairle maidir le deireadh a chur le smachtbhannaí eacnamaíocha an Aontais ón 20 Bealtaine 2025.

17. Le titim réimeas Assad, tá dóchas ollmhór ann filleadh abhaile i gcás na milliún dídeanaí as an tSiria, lena n-áirítear i mBallstáit an Aontais, agus i gcás daoine atá easáitithe ina dtír féin. Tugann an tAontas dá aire na ráitis ón rialtas idirthréimhseach ina ndeirtear gurb é an príomhchuspóir go bhfillfidh na dídeanaithe as an tSiria faoi na coinníollacha iomchuí. Tugann an tAontas dá aire freisin na ráitis ó UNHCR nach gceadaítear faoi láthair leis na dálaí sa tSiria aisdúichiú deonach ar mórscála chun na Siria, i bhfianaise na staide daonnúla, eacnamaíche agus slándála. Idir an dá linn, tá an tAontas tiomanta na dálaí a chruthú chun filleadh díniteach, deonach agus inbhuanaithe ar an tSiria a áirithiú agus tá sé réidh chun tacú leo siúd ar mian leo filleadh dá ndeoin féin. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcoinneofar an spás tearmainn do dhídeanaithe agus go n-urramófar prionsabal an *non-refoulement*. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí d'fhaireachán cosanta, obair leantach, tacaíocht agus seirbhísí a neartú do dhaoine easáitithe nó d'fhillithe nua sa tSiria – go háirithe le UNHCR. Molann an tAontas na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na tíortha comharsanacha a bhfuil dídeanaithe as an tSiria á n-óstáil acu le breis agus deich mbliana anuas den choinbhleacht, agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé tiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe agus do phobail óstacha ionas go neartófar a dteacht aniar. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh Ballstáit an Aontais leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cuairteanna a cheadú ar lena linn nach gcúlghairtear an chosaint idirnáisiúnta.

18. Cinnteoidh an tAontas go mbeidh láithreacht taidhleoireachta bhuan níos láidre sa Damaisc a luaithe is féidir trí Thoscaireacht an Aontais a athghníomhachtú go hiomlán.